DON SCRÚDAITHEOIR

| SCRÚDUIMHIR ☞ | | Iomlán na Marcanna | |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009

## GAEILGE (GNÁTHLEIBHÉAL)

**(220 marc)**

**DÉARDAOIN, 4 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.45 go dtí 4.15**

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| **1**. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| ☞ **Nóta**: Caithfidh an marc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an marc **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis. | |

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| **ROINN** | **CEIST** | **MARC** |
| **I** | **1** | |
| | **2** | |
| | **3** | |
| **II** | **1** | |
| | **2** | |
| | **3** | |
| **IOMLÁN** ☞ | | |
| **CT** → | | |
| **MÓRIOMLÁN** → | | |
| **GRÁD** → | | |



**THALL ⟶**

## ROINN 1 – LÉAMHTHUISCINT (110 marc)

**FREAGAIR GACH CEIST.**

[**N.B.** Ní mór na freagraí ar na ceisteanna sa Roinn seo a scríobh sna spásanna cuí ar an gceistpháipéar seo.]

**CEIST 1** Meaitseáil na pictiúir agus na fógraí/comharthaí sna boscaí thíos agus scríobh na litreacha is fearr a fhreagraíonn do na huimhreacha, dar leat, sna spásanna cuí ar an ngreille. (20 marc)

1. **Clogaid Rothaíochta**
Ar phraghsanna ísle

2. **Comórtas Lúthchleasaíochta**
Fáilte roimh gach duine
Dé Sathairn 3 p.m. – 6 p.m.

3. **Féile Drámaíochta**
An Clochán
Anocht 8 p.m.

4. **Siopa Leabhar**
Gach leabhar
10% níos saoire

5. **Faighte**
**Suim airgid**
Eolas ó rúnaí na scoile


6. **Bialann na Sceilge**
Bia den scoth ar fáil

7. **Ciúnas**
Agallamh ar siúl

8. **Caillte**
**Nótaí Gaeilge**
Fón 086-1364903

9. **AIRE!**
Tarbh sa pháirc


10. **Bí Cúramach**
Tá tuile san abhainn

























| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |

| Don scrúdaitheoir | |
|---|---|
| Iomlán reatha → | |

**CEIST 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c). (30 marc)

(a) Léigh an ***fógra*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)



# AN POST

## Ag Freastal ar an bPobal

## Seirbhís den scoth ar fáil




- Bailítear an post gach lá ó Luan go hAoine
- Baineann 94% den ghnáthphost ceann scríbe amach an lá oibre dar gcionn

**Stampaí ar díol**

***Stampaí ar díol:***

- Oifigí Poist ar fud na tíre
- nuachtánaithe, ollmhargaí, siopaí leabhar
- ionaid chuairteoirí agus stáisiúin pheitril

**Eolas uait:**

***Tabhair cuairt ar:***

- www.anpost.ie/stampaí

**Míshásta leis an tseirbhís?**

***Déan teagmháil linn:***

- ar an bhfón
- tríd an bpost
- le ríomhphost nó le facs

(i) Cathain a bhailítear an post?

________________________________________

(ii) Ainmnigh **dhá** áit ina ndíoltar stampaí.

(i)____________________ (ii)____________________

(iii) Luaigh **dhá** shlí ar féidir teagmháil a dhéanamh leis an bPost.

(i)____________________ (ii)____________________

| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | + | = | |
|---|---|---|---|

(b) Léigh an ***fógra*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)

# CLUICHÍ POBAIL



## Deiseanna do dhaoine óga



**Glac páirt!**

Baineann na mílte duine óg taitneamh agus tairbhe as na Cluichí Pobail

**Tá do cheantar ag brath ort**

**Labhair linn**

**Is féidir leat difríocht a dhéanamh**

**Idir 6 - 16 bliana**

**Bíodh spraoi agat**
- I do rogha spórt
- In imeachtaí cultúrtha
- Le cairde nua

**Os cionn 16 bliana**
**Is féidir leat cabhrú**
- Mar thraenálaí foirne
- Ar an gcoiste
- Ag iompar imreoirí agus fearas
- Ag eagrú imeachtaí

## Is féidir linn

(i) Cad a bhaineann daoine óga as na Cluichí Pobail?

______________________________________________

(ii) Luaigh slí **amháin** ar féidir le daoine óga spraoi a bheith acu.

______________________________________________

(iii) Luaigh **dhá** rud is féidir le daoine os cionn 16 bliana a dhéanamh.

(a)____________________ (b)____________________

(c) Léigh an **dán** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)

## An Luichín Dána

Bhí puisín ag faire
Ar pholl san urlár;
Thit sé ina chodladh
Is chodail go sámh.

Chuir luichín beag fiosrach
A chloigeann aníos
Is gháir sé go scigiúil
Faoin seanaphuisín.

Shín sé a chrúibín
I dtreo an phuisín
Is chigil a shróinín
Arís is arís.

Dhúisigh an puisín;
MIAOU! Thug sé léim.
Ach d'éalaigh an luichín
Ag gáire leis féin.



**An tSiúr Colmcille.**

**Gluais:**
**L.1** Ag faire: ag féachaint
**L.6** Cloigeann: ceann

(i) Cén rud a raibh an puisín ag faire air?

________________________________________

(ii) Cad a chuir an luichín aníos?

________________________________________

(iii) Cad a rinne an puisín nuair a dhúisigh sé?

________________________________________

**CEIST 3** Freagair (a) **agus** (b) anseo. (60 marc)


(a) Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

# Usain Bolt
# Laoch na Lúthchleasaíochta

**1.** Ta clú agus cáil ar Usain Bolt. Bhuaigh sé trí bhonn óir sna Cluichí Oilimpeacha i mBéising in 2008. Bhuaigh sé an bonn óir sna rásaí 100 m, 200 m agus sa rás 4 × 100 m.

**2.** Rugadh Usain ar an 21 Lúnasa, 1996. Rugadh agus tógadh é in Imáca. Bhí siopa beag grósaera ag a mhuintir. Chomh maith lena thuismitheoirí tá beirt eile sa teaghlach, deirfiúr amháin agus deartháir amháin. Nuair a bhí sé ina ghasúr óg d'imir sé sacar agus cruicéad.

**3.** Tugadh faoi deara go luath ina shaol go raibh bua speisialta aige. Bhí sé ábalta rith níos tapúla ná gach duine eile. Is iomaí rás a bhuaigh sé sna blianta a raibh sé ar scoil. Bhí an t-ádh leis gur bhuail sé le beirt traenálaithe cáiliúla go luath ina shaol, Pablo McNeil agus Dwayne Barrett. Thug Pablo agus Dwayne cabhair agus spreagadh d'Usain.




**4.** Buntáiste mór atá ag Usain Bolt ná an airde atá ann. Tá Usain sé throigh agus cúig orlach ar airde. Má leanann Usain ar aghaidh ag dul i bhfeabhas an t-am go léir, ní fios cad iad na curiarrachtaí domhanda a bhainfidh sé amach anseo.

(i) Cad iad na rásaí inar bhuaigh Usain Bolt na boinn óir? (**Alt 1**)

______________________________

(ii) Cé mhéad deartháir agus deirfiúr atá aige? (**Alt 2**)

______________________________

(iii) Cad iad an dá chluiche a d'imir Usain nuair a bhí sé ina ghasúr? (**Alt 2**)

______________________________

(iv) Cé a thug cabhair d'Usain? (**Alt 3**)

______________________________

(v) Cén airde atá in Usain Bolt? (**Alt 4**)

______________________________


| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | + | = | |
|---|---|---|---|

(b) Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)



# Éanna Ní Lamhna

## Laoch na Timpeallachta




**1.** Is beag duine in Éirinn nár chuala trácht ar Éanna Ní Lamhna. Bhíodh sí ar *Mooney Goes Wild on One* gach Satharn ar RTÉ Raidió 1. I láthair na huaire cloistear í ar *Mooney.* Bíonn an clár ar siúl gach seachtain ó Luan go hAoine ar RTÉ Raidió 1 freisin.

**2.** Is cainteoir líofa Gaeilge í. Ba as Dún na nGall dá hathair agus as Ceann an Chlochair, Co. Lú, dá máthair. D'fhás sí féin suas in aice le Baile an Ghearlánaigh, Co. Lú.

**3.** Tharla timpiste d'Éanna nuair a bhí sí trí bliana déag d'aois. Ní raibh sí ábalta páirt a ghlacadh sa rang Eacnamaíocht Bhaile de bharr na timpiste sin. Mar gheall air sin, rinne sí staidéar ar ábhair bhreise eolaíochta. Thit Éanna i ngrá leis an mBitheolaíocht agus an nádúr ina timpeall. Lean sí ar aghaidh leis an staidéar ar an mBitheolaíocht san ollscoil.



**4.** Tá an-suim ag Éanna sa nádúr, go háirithe sna feithidí, sna péisteanna agus sna sciatháin leathair. Mhúscail Éanna, Derek Mooney agus Richard Collins suim an phobail sa nádúr leis an gclár fíorshuimiúil *Mooney Goes Wild on One.* D'éist na céadta míle duine leis an gclár sin gach Satharn.

**5.** Bean an-ghnóthach is ea Éanna Ní Lamhna. Tá sí mar Uachtarán ar *An Taisce*. Is léachtóir í in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Tá leabhar faoi Bhaile Átha Cliath, *Wild Dublin,* scríofa aici freisin.

(i) Cathain a bhíodh an clár raidió *Mooney Goes Wild on One* ar siúl? (**Alt 1**)

________________________________________

(ii) Cárbh as d'athair Éanna? (**Alt 2**)

________________________________________

(iii) Cén fáth nach raibh sí ábalta páirt a ghlacadh sa rang Eacnamaíocht Bhaile? (**Alt 3**)

________________________________________

(iv) Luaigh dhá rud sa nádúr a bhfuil suim ag Éanna iontu. (**Alt 4**)

________________________________________

(v) Cén t-ainm atá ar an leabhar a scríobh Éanna Ní Lamhna? (**Alt 5**)

________________________________________

## ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA (110 marc)

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 1** Freagair (a) *nó* (b) anseo. (25 mharc)

(a) Tá tú ar thuras le do chlann. Scríobh **cárta poist** chuig do chara.

Luaigh na pointí seo a leanas ar an gcárta:

- an aimsir
- rud **amháin** a rinne tú a thaitin leat
- **dhá** rud a cheannaigh tú
- rud **amháin** nach maith leat faoin turas
- cathain a fhillfidh tú abhaile



**Scríobh an freagra sa bhosca anseo thíos.**

## Cárta Poist

**Don scrúdaitheoir**
Iomlán reatha → + =

*NÓ*

(b)




Is tusa Seán sna pictiúir thuas. Tá DVD maith agat. Ba mhaith leat féachaint air le do chara Úna. Téann tú chuig teach Úna leis an DVD ach níl sí ann. Téann tú abhaile agus cuireann tú **Nóta** (ríomhphoist) chuig Úna.

Sa **Nóta** (ríomhphoist) deir tú:

- cá raibh tú
- cad a fuair tú
- cathain a fhéachfaidh sibh ar an DVD
- cad ba mhaith leat a dhéanamh tar éis féachaint ar an DVD
- cathain a bheidh ort an DVD a thabhairt ar ais go dtí an siopa físeán

**Scríobh an nóta sa bhosca anseo thíos.**

## NÓTA

**CEIST 2** Freagair (a) *nó* (b) anseo. (40 marc)

**[N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, beannú, agus críoch oiriúnach.]**

(a) Tá tú ar chúrsa spóirt. Tá traenálaí cáiliúil ar an gcúrsa.

Scríobh litir chuig do chara. Luaigh na pointí seo sa litir:

- ainm an spóirt
- conas a chuala tú faoin gcúrsa
- cá bhfuil an cúrsa ar siúl
- cúpla rud faoin traenálaí atá ag obair ar an gcúrsa


**Scríobh an litir sa bhosca ar lch 11**.

*NÓ*

(b) Bhuaigh tú a lán airgid. Scríobh litir chuig do chara.

Luaigh na pointí seo sa litir:

- conas a bhuaigh tú an t-airgead
- cé mhéad airgid a bhuaigh tú
- cúpla rud a cheannaigh tú duit féin leis an airgead
- bronntanas a fuair tú do do chara




**Scríobh an litir sa bhosca ar lch 11.**

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | + | = |
|---|---|---|

## Litir

**Seoladh:** ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**Dáta:** ______________________________

**Beannú:** ______________________________

**Críoch:** ______________________________

**CEIST 3** Freagair (a) *nó* (b) anseo. (45 mharc)


(a) **Alt** gairid (**15 líne nó mar sin**) a scríobh ar **cheann amháin** de na hábhair seo:

(i) Mar a chaith mé laethanta saoire na Nollag.
(ii) Mo cheantar féin.
(iii) An breithlá is fearr a bhí agam riamh.
(iv) Duine deas ar bhuail mé leis *nó* léi.

**Scríobh an freagra sa bhosca ar lch 13.**

*NÓ*

(b)




Is iad Ciarán agus Deirdre na daoine óga atá sna pictiúir thuas. Scríobh síos an cuntas is dóigh leat a bheadh ag Ciarán ina dhialann (nó ag Deirdre ina dialann) ar na himeachtaí atá léirithe thuas.

**[Is leor 15 líne *nó* mar sin i do fhreagra.]**

**Scríobh an freagra sa bhosca ar lch 13.**

| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | + | = | |
|---|---|---|---|

**Alt**

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**